# Leictreachas cónaithe
# Téarmaí agus coinníollacha

Bord Gáis Energy
samhlaímis



BGE/RE/TAC/0811

Lúnasa 2011

Seo iad ár gcoinníollacha caighdeánacha nua maidir le soláthar leictreachais (Lúnasa 2011) atá faofa ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh. Tiocfaidh said seo isteach in áit na leaganacha a bhí ann roimhe seo.

Mar chustaiméir tí measfar go mbeidh na coinníollacha seo glactha agat agus go mbeidh siad ina gceangal ort ón tráth a gheobhaidh tú iad.

Iarraimid ort an Fógra Cosanta Sonraí i gcoinníollacha 19 agus 20 a léamh go cúramach.

www.bordgaisenergy.ie

**Má theastaíonn cúnamh nó comhairle uait déan teagmháil linn le do thoil:**


**Teil: 1850 632 632**
**Facs: 1850 631 631**
**elecinfo@bordgais.ie**
**Minicom: 1850 633 633**
(do chustaiméirí ar lagéisteacht)

**Seirbhísí do chustaiméirí**
**Leictreachas cónaithe**
**Bord Gáis Energy**
**Bosca Oifig Phoist 10943**
**Baile Átha Cliath 1**


Tabhair do d'aire chun an leibhéal is airde seirbhíse a choinneáil d'fhéadfaimis monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar ghlaonna.

## 1 Sainmhínithe

**1.1** Sna coinníollacha seo is iad na bríonna seo a leanas atá leis na focail thíos:

"**Fearais**" gach trealamh a ídíonn leictreachas (sreangú lena mbaineann san áireamh) atá suiteáilte san Áitreabh lasmuigh den Mhéadar ach níl an Méadar ná feistis ar bith ná sreangú ar bith atá suiteáilte isteach go dtí an Méadar san áireamh.

"**Tréimhse Bhilleála**" tréimhse dhá mhí ina n-eiseoimid sonraisc chugat ina leith de réir an chonartha seo.

Ciallaíonn "**Bord Gáis Éireann**" comhlacht reachtúil a bunaíodh leis an Acht Gáis 1976, a bhfuil a phríomhoifig aige ar Bhóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, ag gníomhú dó trína ghnó soláthair fuinnimh, Bord Gáis Energy agus trína ghnó líonra, Bord Gáis Networks.

Ciallaíonn "**Bord Gáis Energy**" nó "**muid**" nó "**sinn**" Bord Gáis Éireann, Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, ag gníomhú dó mar sholáthraí fuinnimh trína ghnó soláthair Bord Gáis Energy, Sráid Uí Fhoghlú, Baile Átha Cliath 1.

"**Coimisiún**" an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh.

"**Coinníollacha**" coinníollacha caighdeánacha soláthair atá leagtha amach sa cháipéis seo.

"**Conradh**" an conradh idir tusa agus sinne le haghaidh leictreachas a sholáthar do na hÁitribh.

"**Seirbhísí Dáileacháin**" aon oibreacha a dhéanann ESB Networks maidir le Nasc Leictreachais an chustaiméara, lena n-áirítear an Méadar nó an trealamh a úsáidtear madir le dáileadh agus soláthar leictreachais a sholáthar, a suiteáil, a dheisiú, a chothabháil, a fhuinnmhiú nó a dhífhuinnmhiú nó a sheirbhísiú ach gan a bheith teoranta don mhéid seo.

"**Nasc Leictreachais**" nasc idir an gréasán leictreachais agus an Áitreabh isteach go dtí an Méadar agus an Méadar san áireamh.

"**gréasán leictreachais**" na sreanga tarchuir agus dáileacháin ar fad a úsáidtear chun leictreachas a tharchur, a dháileadh agus a sholáthar in Éirinn, uaithi nó inti.

"**éigeandáil**" cás éigeandála ina gcuirtear daoine agus/nó maoin i mbaol nó bristeach i soláthar an leictreachais mar gheall ar fhabht sa ghréasán leictreachais.

"**seirbhís phráinnfhreagartha**" an tseirbhís phráinnfhreagartha a oibríonn ESB Networks ar mhaithe le tuairiscí ar chásanna éigeandála iarbhír nó amhrasta a fháil agus feagairt dóibh.

"**ESB**" Bord Soláthair an Leictreachais, corparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, a chomharbaí agus sannaí.

"**ESB Networks**" Bord Soláthair an Leictreachais, ag gníomhú mar oibreoir an ghréasáin leictreachais.

"**ordú um rogha dheiridh sholáthair**" ordú a thugann an Coimisiún do sholáthraí a cheanglaíonn air soláthar leictreachais a chur ar fáil d'áitreabh a bhí á sholáthar ag soláthraí eile roimhe sin.

"**Ceadúnas**" an Ceadúnas chun leictreachas a sholáthar a dheoin an Coimisiún dúinn.

"**Méadar**" an méadar leictreachais agus feistis agus sreanga lena mbaineann a chuir ESB Networks isteach chun an méid leictreachais a úsáideann tú ag an Áitreabh a mheas agus a áiríonn aon mhéadar nó méadair de chineál ar bith a thugtar duit aon tráth ag an Áitreabh.

"**MRSO**" Oibreoir an Chórais Cháraithe Méadar, comhlacht a reáchtálann ESB Networks agus a choinníonn clár gach pointe méadair leictreachais in Éirinn.

"**Áitreabh**" an t-áitreabh atá sonraithe san iarratas ar sholáthair leictreachais a chomlánaigh tú nó cibé áitreabh eile a chuirfidh tú in iúl dúinn agus a nglacfaimid leis ó am go chéile.

Ciallaíonn "**réiteach réamhíocaíochta**" an réiteach réamhaíochta lenar féidir leat sinn a íoc as leictreachas roimh ré.

"**Custaiméirí Taca Tosaíochta**" custaiméirí atá ag brath ar threalamh leictreonach míochaine baile, idir threalamh tacaíochta beatha agus trealamh nach trealamh tacaíochta beatha é.

"**Custaiméirí Seirbhísí Speisialta**" custaiméirí a bhfuil aois an phinsin bainte amach acu (66 bliain d'aois agus níos sine), a bhfuil lagú éisteachta, radhairc nó gluaisteachta orthu nó de réir mar a shainneoidh an Coimisiún ó am go chéile.

"**struchtúr taraifí**" ár liosta taraifí reatha agus ár struchtúr praghsála a bhfuil feidhm aige maidir le gach ceann; agus

"**tusa**" an custaiméir a rinne an Conradh.

**1.2** Aon tagairtí sna Coinniollacha do dhoiciméad is tagairtí iad don doiciméad sin arna leasú nó arna athsholáthar ó am go chéile.

## 2 Díol agus Soláthar

(a) Déanfaimid leictreachas a sholáthar duit agus a dhíol leat ag an Áitreabh seo faoi réir na gCóinníollacha seo go dtí go gcríochnóidh ceachtar againn an Conradh de réir Choinníoll 12 (Foirceannadh). D'fhéadfaimid téarmaí agus coinníollacha breise a bhaineann leis an táirge a eisiúint ag brath ar pé táirge atá roghnaithe agat. Le chéile, is Conradh iad seo eadrainn.

(b) Mura soláthraímid an t-Áitreabh cheana féin, tosóimid ag soláthar an Áitribh ar an dáta a chuireann an MRSO in iúl dúinn gur sinne an Soláthraí agus tosóidh an Conradh ar an dáta sin.

## 3 Méadrú agus Billeáil

(a) Beidh an soláthar leictreachais á thomhas ag an Méadar agus ag an trealamh méadraithe a shuiteálfaidh agus a cothabhálfaidh ESB Networks. Léifidh foireann ESB Networks, a ghníomhairí nó a chonraitheoirí an Méadar.

(b) Idir na léamha ar an Méadar, féadfaidh ESB Networks meastacháin ar d'ídiú leictreachais a dhéanamh. Ríomhfar léamh Méadair measta agus aird á tabhairt ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do) úsáid leictreachais roimhe sin ag an Áitreabh, an t-am den bhliain agus nádúr an Áitribh.

(c) Cuirfimid billí chugat go rialta le haghaidh an leictreachais a úsáideann tú. D'fhéadfadh táillí ar sheirbhísí a chomhaontaíomar a sholáthar duit a bheith i do bhille chomh maith agus beidh VAT san áireamh.

(d) Má aimsíonn tú nó má aimsímid go bhfuil aon léamh Méadair míchruinn nó ar lár, nó nár tiontaíodh na léamha ina dtáillí mar is ceart, ní mór duit nó dúinn, de réir mar a bheidh, aon airgead a íoc a bheidh dlite ag dáta an chéad bhille eile.

(e) I gcás nach raibh deis againn na léamha Méadair a fháil ar aon chúis, bainfimid úsáid as léamha measta. Is féidir leat do léamh Méadair féin a chur ar fáil dúinn trí ghlaoch ar 1850 632 632.

(f) Más amhlaidh go soláthraímid leictreachas duit ach nach bhfuil an leictreachas ar fad nó cuid de cláraithe ag an Méadar (mar gheall ar fhabht nó cur isteach gan údarú nó fáth ar bith eile), ní mór duit méid a íoc is ionann agus an táille a bheadh le híoc dá mbeadh an Méadar nó an trealamh méadraithe ag obair i gceart.

(g) Is féidir a thuilleadh eolais faoi do bhille a fháil inár gCód Cleachtais ar bhilleáil dar teideal "Íocaíocht do Bhille" agus is féidir é a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 18.

## 4 Seirbhísí Rochtana agus Dáileacháin

(a) Is le ESB Networks gach trealamh agus fearais isteach go dtí an Méadar agus an Méadar san áireamh agus ní mór

úsáid a bhaint astu de réir threoracha ESB Networks. Níl aon dualgas orainn an Méadar ná aon trealamh méadraithe ná aon sreangú lena mbaineann a chothabháil.

(b) Comhontaíonn tú a bheith faoi cheangal na gcoinníollacha a thugann ESB Networks duit nó a thugaimid duit thar ceann ESB Networks maidir le do nasc Leictreachais agus nithe gaolmhara.

(c) Tá tú freagrach as aire cheart a thabhairt don Mhéadar i dtólamh. Ní chuirfidh tú isteach ar an Méadar nó ní ligfidh tú d'aon duine cur isteach ar an Méadar, bíodh sé chun críocha deisiúcháin nó ar aon chúis eile gan cead ó ESB Networks, agus má bhíonn fabht ar bith sa Mhéadar nó más gá é a athrú nó aird a thabhairt air ar shlí eile cuirfidh tú in iúl do ESB Networks agus dúinne go pras é.

(d) Is féidir leat iarraidh ar ESB Networks Seirbhísí Dáileacháin a dhéanamh ag an Áitreabh.

(e) Is féidir go n-iarrfaimid go ndéanfar Seirbhísí Dáileacháin ag an Áitreabh lena n-áireofar dífhuinnmhiú, athfhuinnmhiú nó seirbhísiú an Mhéadair.

(f) Tá tú freagrach as gach costas (lena n-áirítear VAT) a bhaineann leis na Seirbhísí Dáileacháin. Áireofar air seo aon chostais a thabhófar mar thoradh ar na Seirbhísí Dáileacháin a chur ar ceal nó mar gheall ar d'fhaillí Bíonn tú freagrach as taillí ar bith atá le híoc má thagann ESB Networks chuig an Áitreabh le Seirbhísí Dáileacháin a dhéanamh cibé am a comhaontaíodh leat, ach murar féidir é a dhéanamh de bharr d'fhaillí.

(g) Nuair a iarrfaidh tú na Seirbhísí Dáileacháin, cuirfidh ESB Networks (agus más cuí muidne) ar an eolas thú maidir le costais agus téarmaí íocaíochta na Seirbhísí Dáileacháin i dteannta na ndaoine a chuirfidh sonrasc chugat i ndáil leis na seirbhísí sin.

(h) Ní mór duit cead a thabhairt do ESB Networks agus dá chonraitheoirí, dá fhochonraitheoirí, dá sheirbhísigh nó dá ghníomhairí, teacht ar an Méadar go sábháilte, gan bhac agus gan shrian, agus más gá, teacht ar an Áitreabh go sábháilte, gan bhac agus gan srian gach tráth réasúnta. Áirítear air sin (ach gan a bheith teoranta dóibh) an Méadar a léamh, a iniúchadh, a dheisiú agus a bhaint ar shiúl agus aon Seirbhísí Dáileacháin eile a iarann tú ar ESB Networks a dhéanamh ag an Áitreabh.

(i) Ní mór duit rochtain ar an Áitreabh nó ar an Méadar a cheadú do ESB Networks aon tráth i gcás éigeandáil leictreachais.

(j) Tabharfaidh tú cead dúinn dul isteach san Áitreabh freisin chun gach críche réasúnta gach tráth réasúnta agus gach tráth i gcás éigeandála.

(k) Mura n-éiríonn leat Coinníollacha 3 nó a 4 a chomhlíonadh agus má chuireann sé seo milleadh faoi íoc an leictreachais a úsáideann tú nó má chuireann sé moill leis, beidh cead againn caitheamh leis seo mar fhaillí nó mar dhiúltú é a íoc chun críocha na gCoinníollacha.

## 5 Praghas ar Leictreachas

(a) Tá an praghas ar an leictreachais a sholáthraímid leagtha amach inár struchtúr taraife, a fhoilsímid ó am go ham.

(b) Tá ár struchtúr taraife cothrom le dáta le feiceáil ar ár suíomh Gréasáin nó is féidir é a fháil trí dhul i dteagmháil linne de réir Choinníol 17.

(c) Táimid i dteideal an praghas a athrú a luaithe agus a chuirimid in iúl duit trí fhógra a fhoilsiú i nuachtán laethúil náisiúnta ar bith nó trí fhógra a chur chugat le casadh an phoist. Luafar in aon fhógraíocht nó in aon fhógra den chineál sin an dáta óna dtiocfaidh an t-athrú in éifeacht.

(d) Is féidir go bhfaighidh tú comhairle uainn ar tharaif a roghnú ach tá tú féin freagrach as an gcinneadh a dhéanamh ar an taraif is oiriúnaí duitse. I gcás go go bhfuil taraif roghnaithe agat nach

bhfuil fóirsteanach duitse, ní bheidh Bord Gáis Energy freagrach as seo ná as táillí ar bith a gearradh mar gheall ar do rogha mhícheart. Chun do tharaif a athrú is féidir leat glaoch orainn ar 1850 632 632.

## 6 Cuntais a Íoc

(a) Ní mór duit costas an leictreachais a ídítear ag an Áitreabh a íoc linn, nó an méid a mheasamar gur ídigh tú le linn na Tréimhse Bhilléala (móide VAT), agus aon táille soláthair is infheidhme leis an taraif a roghnaigh thú. Mura gcomhaontóimid a mhalairt, tá gach bille, lena n-áirítear léamh Méadair measta, iníoctha ar an dáta atá sonraithe sa bhille. Ní mór duit suim ar bith atá sonraithe sa bhille i leith seirbhísí eile a chomhaontaíomar a sholáthar duit a íoc linne chomh maith.

(b) Ní mór duit muid a íoc i leith Seirbhísí Dáileacháin ar bith a d'iarramar nó a d'iarr tusa go ndéanfar ag d'Aitribh iad agus ar ghearr ESB Networks táillí orainn ina leith. Áirítear air seo (ach níl sé teoranta dóibh) dífhuinnmhiú nó athfhuinnmhiú an Mhéadair.

(c) Tá tú faoi dhliteanas an leictreachas a úsáidtear ag an Áitreabh (móide VAT) i dteannta táillí soláthair ar bith is infheidhme maidir leis an taraif atá roghnaithe agat agus aon suim atá sonraithe sa bhille i leith seirbhísí eile a chomhaontaíomar a sholáthar duit a íoc, go dtí go mbeidh na suimeanna dlite ar fad íoctha agat.

(d) Más amhlaidh gur athraigh tú ó sholáthraí eile, comhaontaíonn tú íoc as táillí ar bith gan íoc a d'aistrigh an soláthraí eile chugainn (VAT san áireamh).

(e) Ní mór duit muid a íoc trí cheann de na modhanna atá leagtha amach ar ár suíomh Gréasáin, nó ar chúl do bhille nó mar atá leagtha amach inár gCód Cleachtais dar teideal "Íocaíocht do Bhille".

(f) Mura n-íocann tú aon suim atá dlite faoin gConradh linn beidh tú faoi dhliteanas ús a íoc linn ó dháta dlite na híocaíochta ag ráta laethúil is ionann agus ráta 2% os cionn ráta rótharraingthe AAA Bhanc na hÉireann a bheidh i bhfeidhm an tráth sin, nó mura bhfuil ráta den chineál sin ann, ag ráta comhionann, a mhéadóidh gach lá go dtí go ndéanfar íocaíocht.

(g) Mura íocann tú nó mura n-aontaíonn tú sinn a íoc as leictreachas, d'fhéadfamimid iarraidh ar ESB Networks réiteach réamhaíochta a shuiteáil ag d'áitreadh ar mhaithe le do sholáthar a choimeád agus/nó aon fiacha leictreachais atá le híoc agat a d'fhéadfadh a íoc ar ais tríd réiteach réamhaíocaíochta. D'fhéadfá a bheith freagrach as íoc an gcostas chun an réiteach réamhaíocaíochta a shúiteáil.

(h) Má tá cuntas agat linn ag aon áitreadh eile, d'fhéadfaimid aon chreidmheas nó fiacha idir do chuntais chun airgead a fháil atá le híoc agat linn.

(i) Is féidir cóip dár gCód Cleachtais dar teideal "Íocaíocht do Bhille" a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 17.

## 7 Urrús

Má shocraímid go dteastaíonn sé uair ar bith, ní mór duit urrús a chur ar fáil dúinn (agus tá foirm an urrúis seo le socrú againne). Is ar mhaithe le hairgid ar bith a íoc a bheidh tagtha chun a bheith dlite díot faoin gConradh atá sé seo. Aisíocfar aon urrús a tugadh dúinn i bhfoirm éarlais airgid thirim leat nuair a dhúnfaidh tú do chuntas ar an gcoinníoll go mbeidh na suimeanna go léir a bheidh dlite íoctha laistigh de thréimhse ar leith ar an gcoinníoll gur chomhlíon tú ár dtéarmaí íocaíochta ar bhonn leanúnach.

## 8 Custaiméirí Seirbhísí Speisialta agus Custaiméirí Taca Tosaíochta

(a) Cuirfimid seirbhísí áirithe ar fáil dár gcustaiméirí a bhfuil seirbhísí speisialta de dhíth orthu nó tabharfaimid tacaíocht tosaíochta dóibh maidir lena n-úsáid

leictreachais. Tá sonraí maidir leis na seirbhísí speisialta seo leagtha amach inár gCóid Chleachtais do Chustaiméirí Seirbhísí Speisialta agus Custaiméirí Taca Tosaíochta agus is féidir iad a fháil trí dul i dteagmháil linn de réir Choinníoll 18.

(b) Coinnímid clár de Chustaiméirí Seirbhísí Speisialta agus Custaiméirí Taca Tosaíochta. Más mian leat go gcaithfear leat mar Chustaiméir Seirbhísí Speisialta nó mar Chustaiméir Taca Tosaíochta agus na seirbhísí a fháil mar atá siad leagtha amach inár gCód Cleachtais, ní mór duit an t-eolas cuí is gá dúinn chun na cláir sin a chur le chéile a thabhairt dúinn agus aontaímid nach nochtfaimid an t-eolas seo do dhuine ar bith seachas do ESB Networks ar gá doibh an t-eolas chun seirbhísí ar leith a dhéanamh duitse agus de réir na gCoinníollacha seo agus de réir an dlí.

## 9 Éigeandáil Leictreachais

I gcás éigeandáil leictreachais agus a fhad a mhaireann sé:

(a) Féadfaimid scoir den soláthar leictreachais don Áitreabh má iarrann an tseirbhís phráinnfhreagartha nó ESB Networks orainn amhlaidh a dhéanamh; agus

(b) Ní mór duit staonadh ó leictreachas a úsáid láithreach nuair a iarrfaimid nó ESB Networks ort amhlaidh a dhéanamh.

## 10 Seirbhís Phráinnfhreagartha

(a) Is iad ESB Networks a oibríonn an tseirbhís phráinnfhreagartha ar son ár gcustaiméirí go léir.

(b) Is í uimhir ghutháin 24 uair na seirbhíse práinnfhreagartha ná 1850 372 999.

(c) Déanfaimid bearta, a mhéid is féidir, chun aon athrú ar shonraí na seirbhíse práinnfhreagartha a chur in iúl duit sula dtiocfaidh an t-athrú sin i bhfeidhm. I gcás ar bith léireofar eolas ar bith nuashonraithe faoin tseirbhís seo ar ár suíomh Gréasáin (www.bordgaisenergy.ie), nó is féidir teacht air ach teagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 17.

## 11 Teorannú Dliteanais

(a) Ní bheimid freagrach as caillteanas nó damáiste ar bith a thabhóidh tú má theipeann orainn leictreachas a sholáthar cionn is nach féidir linn soláthar leictreachais a dhaingniú, nó mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch, ar fhabht nó briseadh ar bith sa phríomhlíonra, nó ar aon chúis réasúnta eile nach bhfuil smacht againn air.

(b) Ní bheimid faoi dhliteanas duit de réir an chomhaontaithe seo i gConradh, tort (agus neamart san áireamh) ná ar shlí eile i leith caillteanas neamhdhíreach nó iarmhartach ar bith nó i leith caillteanas eacnamaíoch ar bith a thabhóidh duit mar thoradh ar dhíol nó ar sholáthar leictreachais ná i ndáil leis an gConradh seo.

(c) Ní bheimid faoi dhliteanas a thiocfaidh chun cinn i ndáil leis, nó i dtaca leis, má chliseann na seirbhísí a sholáthraíonn ESB Networks, do Nasc Leictreachais ná aon Seirbhísí Dáileacháin.

(d) Glacann an Custaiméir dliteanas i leith chúram agus chothabháil na bhFearas agus an tsreangaithe lena mbaineann ag an Áitreabh.

(e) Ní ghlacfaimid le dliteanas ar bith maidir le d'Fhearais, an sreangú lena mbaineann ná le cothabháil na bhFearas ná an tsreangaithe ghaolmhair.

(f) Ní eisóidh nó ní choinneoidh rud ar bith sa Chonradh seo srian ar ár ndliteanas le haghaidh damáistí a eascraíonn as dliteanas báis nó gortú pearsanta a bhíonn ann mar gheall ar neamart s'againne.

## 12 Foirceannadh

(a) (i) Is féidir leat deireadh a chur leis an gconradh seo ach fógra 28 lá a thabhairt dúinn leis an nguthán nó

scríobh chugainn (de réir Choinníoll 17) agus tríd an méid atá le híoc mar gheall ar an leictreachas ar baineadh úsáid as suas go dáta an chríochnaithe a íoc agus táillí ar bith nó oibleagáidí ar bith eile a íoc atá i do tharaif nó seirbhísí a d'aontaíomar a sholáthar duit de réir an Chonartha seo.

(ii) Beidh tú fós faoi dhliteanas i leith leictreachais ar bith a úsáidtear san Áitreabh go dtí go dtugtar fógra agus go bhfuil sé ídithe AGUS tá tú tar éis muid a) a chur ar an eolas faoin léamh Méadair agus tá tú tar éis muid a sholáthar le hainm an chustaiméara nua NÓ b) tá tú tar éis rochtain a thabhairt do ESB Networks an Méadar a léamh agus ainm an chustaiméara nua a sholáthar dúinn. Mura féidir leat ainm an chustaiméara nua a sholáthar dúinn, caithfidh tú rochtain a thabhairt do ESB Networks ar an Áitreabh chun an Méadar a ghlasú agus chun an soláthar leictreachais don Áitreabh a scor. Sa chás seo, beidh tú fós faoi dhliteanas táillí a íoc maidir le leictreachas ar bith a úsáideadh go dtí go bhfuil an Méadar dífhuinnmhithe.

(iii)Má tharlaíonn sé go bhfaigheann tú bás d'ionadaí d'ionadaí pearsanta, nó áititheoirí an áitribh i láthair na huaire, nó an bheirt acu le chéile, faoi dhliteanas mar gheall ar sholáthar leantach leictreachais chuig an Áitreabh go dtí go socraítear ar Chonradh nua le haghaidh soláthar an leictreachais chuig an Áitreabh nó go mbíonn críoch leis an gConradh.

(b) Is féidir linn deireadh a chur leis an gConradh seo sna cúinsí seo a leanas:

(i) I ndiaidh trí mhí d'fhógra a thabhairt duit i scríbhinn nuair nach féidir leanúint ar aghaidh go heacnamaíoch le leictreachas a sholáthar do d'Áitreabh.

(ii) Mura bhfuil airgeadais ar bith íoctha agat atá dlite duit faoin gConradh seo agus má leanamar ár mbeartas maidir lenár gCód Cleachtais ar do Bhille Leictreachais a Íoc agus iarracht á dhéanamh an t-airgead sin a aisghabháil.

(iii) Má leanann tú de na Coinníollacha seo a shárú ar feadh míosa nó níos mó, agus fógra faoin sárú céanna faighte agat uainn.

(iv) Gan fógra, má chuireann an tseirbhís phráinnfhreagartha nó ESB Networks in iúl dúinn go bhfuil baol ar bith gortaithe ann do dhaoine nó shealúchas mar gheall ar fhabhtanna nó fhabhtanna a mheastar a bheith ann sa ghréasán leictreachais, i suiteáil an mhéadair nó sna Fearais.

(v) Gan fógra, má shílimid go bhfuil baol ar bith gortaithe ann do dhaoine nó shealúchas mar gheall ar fhabhtanna nó fhabhtanna a mheastar a bheith ann sa ghréasán leictreachais, i suiteáil an mhéadair, nó sa suíteáil istigh chomh fada leis na Fearais agus iad curtha san áireamh.

(vi)Gan fógra, mura bhfuil Ceadúnas againn a thuilleadh d'Áitreabh a sholáthar.

(vii) Gan fógra, má thugtar ordú um Rogha Dheiridh Sholáthair do sholáthraí eile maidir leis an Áitreabh, agus beidh deireadh leis an gConradh ar an dáta nuair a thagann an tOrdú sin i bhfeidhm.

(viii) Trí fógra a thabhairt, mura n-aontaíonn tú chun Méadar Réamhíocaíochta a shuiteáil ar mhaithe le fiacha a ghlanadh, nuair is iomchuí.

(c) Ní chuirfidh deireadh an Chonartha isteach ar chearta ná ar dhualgais ar bith atá faighte agat nó againn roimh dheireadh an Chonartha.

(d) Nuair nach mbíonn soláthar an leictreachais ceangailte mar gheall ar d'fhabht, íocfaidh tú na costais a fhaightear agus chomh maith leis sin costas dífhuinnmhithe agus athfhuinnmhithe iarmhartaigh ar bith a bhíonn ann, más ann dó.

(e) Tá tuilleadh eolais maidir lenár mbeartais agus lenár nósanna imeachta

ina ndícheanglaítear Áitreabh ó ghréasáin an leictreachais leagtha amach inár gCód Cleachtais dar teideal "Íocaíocht do Bhille", ar féidir é fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Coinníoll 18.

## 13 Gearáin

(a) Tá cead agat gearán a dhéanamh maidir le ceist ar bith a ardaítear de réir an Chonartha seo trí theagmháil a dhéanamh lenár roinn Seirbhísí do Chustaiméirí de réir Choinníoll 17.

(b) Is amhlaidh go bpléifear le gearáin ar bith a dhéanann tú de réir ár gCóid Chleachtais le dul i ngleic le gearáin chustaiméirí. Is féidir leat cóip den chód seo a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 18.

## 14 Coinníollacha a Athrú

(a) Féadfaimid na Coinníollacha seo a leasú, a athrú, nó cur leo ag am ar bith ag tabhairt deich (10) lá i scríbhinn duit. Cuirfidh an fógra seo in iúl cén áit ar féidir leat breathnú ar na Coinníollacha nua nó cóip a fháil díobh. Má bhíonn éagsúlú, ábhar breise nó leasú ar bith doghlactha agat, tá cead agat deireadh a chur leis an gConradh de réir Choinníoll 12 (a) (na Coinníollacha neamhéagsúlalithe a bhíonn i bhfeidhm le linn na tréimhse fógra ocht lá is fiche) nó is amhlaidh go nglacfar leis gur ghlac tú leis na Coinníollacha nua.

(b) Léireofar na Coinníollacha ar ár suíomh Gréasáin, nó is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn de réir Choinníoll 17.

## 15 Sannadh

Is féidir go sannfaimid nó go n-aistreoimid chuig duine ar bith eile leas an Chonartha seo nó ár gcearta agus ár n-oibleagáidí uile nó cuid acu gan cead scríofa uait roimhe. Níl cead agat an Conradh seo a shannadh gan cead uainne roimh ré.

## 16 Fógraí

(a) Beidh fógra ceart tugtha againn duit:

(i) Má chuirimid an fógra chugat sa phost chuig an seoladh deireanach a bhí agat ar an dara lá i ndiaidh an dáta ar seoladh é; nó

(ii) Má chuirimid an fógra chuig ár gcustaiméirí uile nó chuig cuid acu i bhfógra. Is féidir go n-áireofar na fógraí i gcumarsáid ar bith eile a chuirimid chugat.

(b) Beidh fógra ceart tugtha agat dúinn má chuireann tú an fógra chugainn sa phost, ag ár bpríomhoifig de réir Choinníoll 17.

## 17 Sonraí Teagmhála

(a) Is féidir dul i dteagmháil lenár Roinn Seirbhísí do Chustaiméirí:

(i) I scríbhinn:

Seirbhís do Chustaiméirí
Leictreachas Cónaithe
Bord Gáis Energy
Bosca Oifig Phoist 10943
Baile Átha Cliath 1

(ii) Trí ghlaoch gutháin: 1850 632 632

(iii) Ar an teileafón (lasmuigh d'Éirinn): 00353 1 602 1550

(iv) Ar facs: 1850 631 631

(v) Le r-phost: elecinfo@bordgais.ie

(vi) Minicom: 1850 633 633

Is féidir teacht ar chuid den eolas mar atá curtha ar fáil sna coinníollacha ar ár suíomh Gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie

(b) Is féidir an t-eolas teagmhála seo a leasú nó a éagsúlú ó am go chéile. Léireofar an t-eolas nuashonraithe maidir leis seo ar ár suíomh Gréasáin agus ar do bhille.

## 18 Cóid Chleachtais agus Cairt Chustaiméirí Bord Gáis Energy

(a) Tá cúig Chód Cleachtas againn ag plé le Gearáin Chustaiméirí, Margaíocht, Billí a Íoc, Custaimeirí Seirbhísí Speisialta Speisialta agus Custaiméirí Taca Tosaíochta a leagann amach an bealach ar a ndéanaimid gnó in gach ceann de na réimsí seo agus na seirbhísí agus leibhéil seirbhísí ar féidir leat bheith ag tnúth leo. Chun cóip saor in aisce a fháil glaoigh orainn le do thoil ar 1850 632 632 nó tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie

(b) Tá Cairt Chustaiméirí againn a leagann ar ndualgais amach maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus ár 6 chaighdeán seirbhíse atá cinntithe. Chun cóip saor in aisce a fháil glaoigh orainn le do thoil ar 1850 632 632 nó tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie

## 19 Fógra Cosaint Sonraí

(a) Ionas gur féidir le Bord Gáis Energy seirbhís éifeachtach a chur ar fáil duit, caithfidh Bord Gáis Energy sonraí a bhaineann leat a bhailiú agus a úsáid ar mhaithe le seirbhís éifeachtach a chur ar fáil duit. Úsáidtear na sonraí seo chun bainistiú a dhéanamh ar do chuntas custaiméara agus le haghaidh cúrsaí oibríochta, lena n-áirítear, mar shampla, cosúil le cuairt a thabhairt ar d'áitreabh, oibreacha a bhíonn ag teastáil ag d'áitreabh agus gníomhaíochtaí tógála agus cothabhála. Anuas air sin, d'fhéadfaí sonraí a bhaineann leat a úsáid ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, riaracháin, measúnaithe priacail, margaíochta agus seiceála creidmheasa. Bainimid úsáid as na sonraí atá againn fút chun seiceálacha creidmheasa a dhéanamh agus chun calaois a sheachaint le gníomhaíochtaí ceadúnaithe, gníomhaíochtaí seachadta calaoise agus Soláthraithe leictreachais ceadúnaithe eile. D'fhéadfadh na heagraíochtaí na sonraí seo a thaifead chun calaois a sheachaint, chun cabhair a thabhairt chun cinntí a dhéanamh fút maidir le creidmheas mar aon le feidhmeanna bailithe fiacha.D'fhéadfadh Bord Gáis Energy do chuid sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse réasúnta tar éis go dtiocfadh deireadh le soláthar an ghéis nádúrtha duit ach ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá agus/nó mar is gá de réir an dlí.

(b) Is féidir go nochtfaidh Bord Gáis Energy do shonraí do bhaill eile ghrúpa Bhord Gáis Ireland agus gníomhairí a fheidhmíonn thar ceann Bhord Gáis Energy maidir leis na gníomhaíochtaí a dtagraítear dóibh thuas. Níl cead ag gníomhairí den chineál sin úsáid a bhaint as do shonraí ach de réir mar a cheadaíonn Bord Gáis Energy. Tá dualgas orthu do shonraí a choinneáil sábháilte agus slán chomh maith. Má tharlaíonn sé nach féidir linn leictreachas a sholáthar duit, rud nach dócha a tharlóidh, b'fhéidir go n-éileoidh an Coimisiún ar sholáthraí eile é a dhéanamh. Sna cúinsí seo, b'fhéidir go mbeidh orainn sonraí áirithe a chur ar aghaidh chuig an soláthraí nua ionas go mbeidh sé in inmhe leictreachas a sholáthar duit.

(c) Is féidir leat labhairt le fostaithe de chuid Bhord Gáis Energy (nó páirtithe atá ag feidhmiú ar a shon) ar an nguthán ó am go ham. D'fhéadfaí na comhráite gutháin sin a thaifeadadh, lena chinntiú go gcuireann Bord Gáis Éireann seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil. Caithfidh Bord Gáis Energy leis an eolas taifeadta sin faoi rún agus ní úsáidfidh sé é ach d'oiliúint foirne nó do rialú caighdeán, deimhniú sonraí ó do comhráití le Bord Gáis Energy nó d'aon chuspóirí eile atá luaite san Fhógra seo.

(d) Tá sé de cheart agat cóip de do shonraí pearsanta a lorg (Tá Bord Gáis Energy i dteideal táille riaracháin ainmiúil a ghearradh ort do seo). Má tá tú ag iarraidh leas a bhaint as an gceart seo, ba cheart duit iarratas scríofa a chur chuig: Bord Gáis Energy – Oifigeach Cosanta Sonraí, Bosca Poist 51, Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh. Seans go

n-iarrfar ort cruthúnas aitheantais cuí a chur ar fáil chun do phríobháideachas a chosaint. Inis dúinn má tá aon chuid de do shonraí mícheart agus leasóimid iad.

## 20 Margaíocht

Féadfaidh Bord Gáis Energy, baill den ghrúpa Bhord Gáis Éireann agus/nó gníomhairí a fheidhmíonn thar ceann Bhord Gáis Energy a bheith ag iarraidh dul i dteagmháil leat trí theachtaireacht téacs, r-phost, ar an nguthán nó i bpearsa le heolas ar tháirgí agus ar sheirbhísí (a bhaineann le gás, leictreachas nó táirgí agus seirbhísí eile, lena n-áirítear na cinn a thairgeann tríú páirtithe) ar spéis leat iad. Lean na treoracha thíos go cúramach le do thoil lena chinntiú go dtabharfar aird ar do roghanna margaíochta.

Mura mian leat r-phost nó teachtaireacht téacs a fháil ina mbeidh eolas ar tháirgí agus ar sheirbhísí Bhord Gáis Energy a bhaineann le soláthar an gháis nádúrtha nó leictreachais, bain leas as do cheart díliostála a bhfuil cur síos thíos air, le do thoil.

Mura mian leat go rachfar i dteagmháil leat leis an bpost, ar an nguthán nó leat féin faoi eolas ar tháirgí agus sheirbhísí Bord Gáis Energy, lena n-áirítear na cinn nach mbaineann le soláthar leicteachais, bain leas as do cheart díliostála a bhfuil cur síos thíos air.

**Conas do cheart díliostála a fheidhmiú**

Is féidir leat do cheart díliostála a chleachtadh trí scríobh chugainn ag:

Bord Gáis Energy
Liostáil do Chosaint Sonraí
Bosca Oifig Phoist 10310
Saorphost F4062
Baile Átha Cliath 1

NÓ

an Fhoirm Ghréasáin a chomhlánú ar www.bordgaisenergy.ie/dp

## 21 Ginearálta

(a) Tá na ceannteidil sna Coinníollacha seo le haghaidh cuidiú amháin agus ní chuirfidh siad isteach ar a sainmhíniú.

(b) Má chuirimid sárú an Chonartha agat i leataobh, ní mheastar gur tarscaoileadh nó cuid de tharscoileadh sin ar shárú ar bith a dhéanann tú ina dhiaidh sin ar an soláthar céanna nó ar sholáthar ar bith eile.

(c) Má chinntíonn údarás cuí reachtaíochta go bhfuil soláthar ar bith na gCoinníollacha seo neamhcheadaithe nó mura féidir é a chur i bhfeidhm sa iomlán nó mar chuid de ní chuirfear isteach ar fhíorú sholáthar eile na gCoinníollacha seo agus ní chuirfear isteach ar an gcuid eile den soláthar atá i gceist mar gheall ar an gcinneadh sin.

(d) Forléireofar agus déanfar an Conradh a rialú faoi réir dhlíthe na hÉireann agus beidh dlínse faoi leith ag cúirteanna na hÉireann le cinneadh a dhéanamh faoi aighnis ar bith a ardaítear idir sinne agus tú féin.